**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2013*

# Speisialachas Gairmiúil
# Staidéar Grafaice agus Tógála
## (240 marc)

*Dé Máirt, 11 Meitheamh, Maidin, 9:30 - 11:00*

## *Treoracha Ginearálta*

**1.** Scríobh do scrúduimhir sa spás seo: [ ]

**2.** Tá dhá roinn sa pháipéar seo.

*Roinn 1* - Freagair an **dá** cheist. **105 marc**
**C1 - Ceisteanna gearrfhreagra**
**C2 - Cumarsáid Ghrafach**

*Roinn 2* - Cúig cheist - freagair **trí cheist ar bith**. **135 marc**
**C1 - Tógáil**
**C2 - Seirbhísí Tógála**
**C3 - Ceardaíocht Adhmaid**
**C4 - Dearadh agus Déantús Bréagán Oideachasúil**
**C5 - Dearadh Ríomhchuidithe**

**3.** Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh agus bíodh sceitsí san áireamh de réir mar is cuí.

| **Don Fheitheoir amháin** | | | |
|---|---|---|---|
| Stampa an Ionaid | | | |
| **Roinn** | | **Ceist** | **Marc** |
| **1** | **(An dá ceann)** | 1 | |
| | | 2 | |
| **2** | **(3 cheist ar bith)** | 1 | |
| | | 2 | |
| | | 3 | |
| | | 4 | |
| | | 5 | |
| | | **Iomlán** | |

| **Don Scrúdaitheoir amháin** | | |
|---|---|---|
| **1.** | Iomlán na n-iomlán bunleathanaigh | |
| **2.** | Iomlán na gceisteanna dícheadaithe ar fad | |
| **3.** | Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| **4.** | Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| **5.** | Marc iomlán a bronnadh má bhíonn Bónas Gaeilge i gceist (3 + 4) | |

**Nóta:** Ní mór an marc i gcolún 3 (nó colún 5 má bhronntar Bónas Gaeilge) a bheith mar an gcéanna leis an marc iomlán sa bhosca ar an script.

## *Roinn 1* ÉIGEANTACH

## *CEIST 1* *(60 Marc)*

**1. Freagair DHÁ CHEANN DÉAG ar bith de na CÚIG CINN DÉAG de ghearrcheisteanna a leanas.**

(a) Sa léaráid taispeántar feiste atá le fáil i bhformhór na gceardlanna.

Ainmnigh an fheiste seo.

Ainm: ______________________________

Cén fheidhm atá ag an bpáirt lipéadaithe **A** sa léaráid?


Feidhm: ______________________________

______________________________




(b) Taispeántar san íomhá thíos aonad seilfre atá gléasta ar bhalla.
Sa spás atá curtha ar fáil, déan sceitse d'alt oiriúnach chun an tseilf a shiúntú don taobh mar a chuireann an ciorcal in iúl.





PEANN LUAIDHE AMHÁIN


(c) Is meascán d'ábhair é moirtéal a úsáidtear i dtógáil ballaí.

Ainmnigh an **DÁ** phríomhábhar a mheasctar le huisce chun moirtéal a dhéanamh.



Uisce + ________________ + ________________ = Moirtéal

(d) Sainaithin **CÚIG** chontúirt sábháilteachta sa cheardlann a thaispeántar ar dheis.




1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

4. ______________________________

5. ______________________________

(e) Ainmnigh an píosa trealamh tógála a thaispeántar.




Ainm: ____________________


Abair cén úsáid a bhaintear as:

______________________________

______________________________

(f) Ainmnigh an **DÁ** chineál ciorcaid leictrigh a thaispeántar ar dheis.







1. ____________________ 2. ____________________


(g) Tá an lógó thíos bunaithe ar línte agus chiorcail.

Críochnaigh an líníocht den lógó ar dheis.

(Ní gá an téacs a thaispeántar faoin lógó a chur isteach.)





**ÚSÁID COMPÁS AGUS PEANN LUAIDHE AMHÁIN**

(h) Is minic a tháirgtear plainc d'adhmad soladach as crainn nuair a leagtar iad.

Liostaigh **TRÍ** tháirge, seachas adhmad soladach, is féidir a tháirgeadh as crainn.

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________



(i) Nuair a bhíonn tionscadal á dhearadh agus á dhéanamh, bíonn sé tábhachtach fillteán dearaidh a dhéanamh le dul in éineacht leis.



Liostaigh **CEITHRE** cheannteideal ba chóir duit a chur san áireamh i bhfillteán dearaidh dá leithéid:

| | |
|---|---|
| 1. | 3. |
| 2. | 4. |

(j) Taispeántar teaichín éan ar dheis.

Ainmnigh uirlis adhmadóireachta amháin a d'fhéadfaí a úsáid chun an cruth éin a ghearradh amach.

Ainm: ___________________________________

Sa spás atá curtha ar fáil thíos, déan sceitse den uirlis sin.






(k) Mínigh cad is ciall leis an téarma ***tairbhe téamh grianteasa***, maidir le dearadh tí in Éirinn.

___________________________________________

___________________________________________

___________________________________________

___________________________________________



(l) Sa léaráid taispeántar cábla leictreach trí chroíleacán.



Sainaithin na **TRÍ** shreang a thaispeántar .

Buí & Uaine: __________________

Gorm: __________________


Donn: __________________

Taispeánann an íomhá ar dheis cló méadaithe de hanla earra leictrigh.

Mínigh cad is ciall leis an tsiombail atá aibhsithe ag an gciorcal.

___________________________________________

___________________________________________



(m) Gearrann cuideachta Soláthair Earraí Tógála 10% ar chostas ordú iomlán na n-earraí mar tháille.


Ordaíonn custaiméir 2 leathán plástarchláir ar chostas €20 an leathán agus 10 mála plástair do chóta scimeála ar chostas €12 an mála.


Ríomh an costas iomlán don chustaiméir ar an ordú thuas, an seachadadh san áireamh





(n) Taispeánann an íomhá ar dheis comhartha do bhád farantóireachta. Tá líníocht mhéadaithe den chomhartha leathchríochnaithe ar an ngreille thíos.

Críochnaigh an líníocht.







**PEANN LUAIDHE AMHÁIN**

(o) I dtáirgeadh troscáin cad dó a seasann na litreacha **CAM** (i mBéarla)?

C: ______________________________


A: ______________________________

M: ______________________________

Liostaigh **DHÁ** bhuntáiste a bhaineann leis an saghas sin táirgeachta.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________




**Roinn 1** **ÉIGEANTACH**

***CEIST 2*** ***(45 Marc)***

## 2. Cumarsáid Ghrafach


(a) Sa ghrafaic ar dheis taispeántar cló pictiúrtha de Theaichín Éan.



(1) Críochnaigh Ingearchló, Bonnchló agus Taobhchló an Teaichín Éan ar an líníocht thíos.

*(Tá roinnt mionsonraí folaithe fágtha ar lár agus níl gá le mionsonra folaithe ar bith.)*

(2) Cuir dath cuí nó scáthú leis na **Clónna Críochnaithe** chun an líníocht a fheabhsú.








(b) San íomhá ar dheis taispeántar lógó do chonsól cluichí. Tá an lógó bunaithe ar shraith heicseagán.

Léiríonn an líníocht is lú conas a tharraingítear an lógó agus trí chiorcal tógála á n-úsáid.

Bain úsáid as an eolas seo chun an leagan is mó den lógó a chríochnú ag bun an leathanaigh.


NINTENDO
GAME CUBE






**PEANN LUAIDHE AMHÁIN**

(c) (1) Críochnaigh fiarlíníocht na litreacha **LCA** ar an ngreille thíos.
Cuir dath nó scáthú ar an líníocht chun í a fheabhsú.



**PEANN LUAIDHE AMHÁIN**

(c) (2) Tarraing forbairt an choinneálaí irisí a thaispeántar thíos ar an ngreille atá curtha ar fáil.




**PEANN LUAIDHE AMHÁIN**


## *Roinn 2* *(135 Marc)*

## Freagair TRÍ CHEIST AR BITH ón roinn seo.

### 1. Tógáil

(a) Ainmnigh an **DÁ** chineál tógáil balla a thaispeántar thíos.





1. ______________________

2. ______________________


Liostaigh buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le gach cineál tógála.

Buntáiste: ______________________ Buntáiste: ______________________

______________________ ______________________

Míbhuntáiste: ______________________ Míbhuntáiste: ______________________

______________________ ______________________




(b) (1) Ní mór do dhuine cur isteach ar chead pleanála roimh thógáil. Mínigh go hachomair an chúis go bhfuil gá le rialú pleanála dá leithéid.

Cúis: ______________________

______________________

(2) Mínigh cad is ciall le **Cead Imlíneach** Pleanála agus **Lánchead** Pleanála.

Cead Imlíneach Pleanála: ______________________

______________________

Lánchead Pleanála: ______________________

______________________



(c) Sa dronuilleog phoncaithe thíos taispeántar ballaí imlíneacha seomra codlata. Is iad tomhais an tseomra codlata ná 3m x 4m.

Déan sceitse, ag scála de 1:20, de leagan amach tipiciúil seomra codlata. Cuir in iúl suíomhanna dóibh seo a leanas: doras, fuinneog, radaitheoir, solas, leaba shingil, taisceadán taobh leaba, vardrús, bord staidéir agus cathaoir.



## 2. Seirbhísí Tógála

(a) Taispeántar dhá fheiste phluiméireachta thíos.


(1) Luaigh an t-ainm ceart do gach feiste.





Ainm : ______________________________ Ainm: ______________________________


(2) Roghnaigh ceann **AMHÁIN** de na feistí thuas, agus nótaí agus sceitsí á n-úsáid agat, tabhair breac-chuntas ar na céimeanna a bhíonn i gceist chun an fheiste a úsáid chun trí phíobán a cheangal.




PEANN LUAIDHE AMHÁIN

(3) Tá uisce glan riachtanach don bheatha shláintiúil.

Déan cur síos ar conas a dhéantar cóireáil ar uisce chun é a dhéanamh sábháilte le hól.



(b) (1) Mínigh cad is ciall leis an téarma 'Breoslaí Iontaise'.



______________________________________________

______________________________________________

Ainmnigh **TRÍ** bhreosla iontaise a úsáidtear chun leictreachas a ghiniúint in Éirinn.

1. ____________ 2. ____________ 3. ____________

(2) Sna léaráidí thíos taispeántar dhá bhealach chun séarachas tí a chóireáil.
Ainmnigh **GACH** bealach agus luaigh buntáiste a bhaineann le **GACH** ceann díobh.





Ainm: ______________________ Ainm: ______________________

Buntáiste: ___________________ Buntáiste: ___________________

______________________________ ______________________________

(c) Taispeánann an íomhá theirmeach ar dheis cailliúint teasa as teach.



Sainaithin **DHÁ** ghné i dteach nach mbeadh inslithe go maith trínar féidir teas a chailleadh.

Déan cur síos, agus léaráid lipéadaithe á húsáid agat, ar conas a d'fhéadfaí cailliúint teasa trí gach gné a laghdú.

| Gné 1: | Gné 2: |
|---|---|
| | |

**PEANN LUAIDHE AMHÁIN**

## 3. Ceardaíocht Adhmaid


(a) Sa léaráid taispeántar cuid amháin d'alt adhmadóireachta.



(1) Ainmnigh an chuid sin den alt.

Ainm: ___________________________

(2) Sa bhosca thíos, agus nótaí agus sceitsí á n-úsáid agat, déan cur síos ar na chéad cheithre chéim eile atá i gceist le sábhadh **aghaidh amháin** den chuid sin den alt.

| | Sceitse (i bpeann luaidhe) | Cur Síos |
|---|---|---|
| **1.** |  | *Clampáil an t-adhmad go ceartingearach sa bhís. Agus an sábh ar thaobh an fhuiollábhair den líne, sábh go hingearach síos go doimhneacht thart ar 5mm.* |
| **2.** | | |
| **3.** | | |
| **4.** | | |
| **5.** | | |

(b) Taispeántar sna léaráidí dhá mhír adhmaid lasmuigh.





(1) Ainmnigh leasaitheach de chineál difriúil do gach mír agus an modh feidhmithe a mholfá i ngach cás.

Ainm: ______________________________

Modh: ______________________________

____________________________________

Ainm: ______________________________

Modh: ______________________________

____________________________________

(2) Liostaigh **DHÁ** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh agus duine ag obair le leasaithigh.

Réamhchúram 1: ______________________________

Réamhchúram 2: ______________________________


(c) Taispeántar uirlis chumhachta iniompartha.



(1) Ainmnigh an uirlis chumhachta.

Ainm: ______________________________

(2) Sa spás atá ar fáil thíos, déan sceitse de phróifíl de ghearrthóir a d'fhéadfaí a úsáid san uirlis chun múnláil ornáideach a fhoirmiú ar chiumhais píosa adhmaid.



**PEANN LUAIDHE AMHÁIN**

## 4. Dearadh agus Déantús Bréagán Oideachasúil

(a) (1) Sa léaráid taispeántar bréagán intarraingthe i gcruth máthair lachan agus éiníní lachan.

Mínigh conas a d'aistreofá dearadh na lachan ó pháipéar anuas ar phíosa adhmaid.

________________________________________

________________________________________



(2) Ainmnigh uirlis oiriúnach chun na cuair a ghearradh amach.

Ainm: ________________________________________

(3) Taispeántar trí éiníní lachan bheaga sa bhréagán intarraingthe.


Agus an bréagán á dhéanamh agat, mínigh conas a chinnteofá go bhfuil cruth gach ceann díobh díreach mar an gcéanna.


____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________

(4) Is leagan méadaithe den éiníní lachan í an mháthair lachan.
Agus an ghreille thíos á húsáid agat, déan líníocht mhéadaithe den chuid den lacha mar a thaispeántar.







(b) Is féidir bréagáin a dhéanamh as ábhair dhifriúla mar a thaispeántar.
Cuir na bréagáin a thaispeántar thíos i gcomparáid le chéile faoi na ceannteidil a thugtar.

**Miotal**



**Plaisteach**




**Adhmad**



| | **Tionchar ar an Timpeallacht** | **Buaine** | **Costas** |
|---|---|---|---|
| **Miotal** | | | |
| **Plaisteach** | | | |
| **Adhmad** | | | |

(c) Is gné thábhachtach í an tsábháilteacht i ndearadh agus déantús bréagáin leanaí.
Liostaigh **TRÍ** ghné shábháilteachta ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn bréagán do leanbh faoi 3 bliana d'aois á dhearadh agus á dhéanamh.

1. ______________________________
______________________________

2. ______________________________
______________________________

3. ______________________________
______________________________



## 5. Dearadh Ríomhchuidithe


(a) (1) Ainmnigh pacáiste CAD a d'úsáid tú agus tú ag déanamh staidéir ar Staidéar Grafaice agus Tógála.

Pacáiste: ____________________________

(2) Taispeántar sa ghrafaic ar dheis mion-mhéarchlár lena úsáid le Ríomhaire Táibléid nua-aimseartha.
Taispeánann an líníocht thíos teilgin méarchláir dá leithéid.



Liostaigh **CÚIG** ordú/uirlis/ghné CAD a d'fhéadfaí a úsáid chun na líníochtaí thíos a tháirgeadh agus mínigh go hachomair cad a dhéanann gach ordú/uirlis/gné.




| | Ordú/Uirlis/Gné | Cad a dhéanann sé/sí |
|---|---|---|
| 1 | ____________ | ____________ |
| 2 | ____________ | ____________ |
| 3 | ____________ | ____________ |
| 4 | ____________ | ____________ |
| 5 | ____________ | ____________ |

(b) (1) Liostaigh **DHÁ** ghairm a bhfuil baint acu le Dearadh Ríomhchuidithe agus déan cur síos ar gach jab.




| | Gairm | Cur Síos ar an Jab |
|---|---|---|
| 1 | ____________ | ____________ |
| 2 | ____________ | ____________ |

(2) Tá cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta an-tábhachtach do dhaoine atá ag obair i dtionscal na ríomhaireachta. Is neamhord sláinte é Gortú Athstraidhneála a bhféadfadh úsáid ríomhaire ar feadh tréimhsí fada a bheith ina cúis leis.

Sainaithin **DHÁ** neamhord sláinte eile a bhfuil baint acu le húsáid ríomhaire ar feadh tréimhsí fada agus abair conas is féidir iad a sheachaint.



Neamhord 1: ______________________________


Seachain trí: ______________________________

Neamhord 2: ______________________________

Seachain trí: ______________________________

(c) Tá sé tábhachtach cóip chúltaca a dhéanamh do chomhaid CAD chun nach gcaillfí sonraí i gcás go dtarlódh tuairt thromchúiseach ríomhaire.

Déan cur síos ar **DHÁ** bhealach chun cóip chúltaca a dhéanamh do chomhaid agus luaigh go hachomair buntáiste agus míbhuntáiste a bhaineann le gach modh díobh.



| | Modh Cúltaca | Buntáiste | Míbhuntáiste |
|---|---|---|---|
| 1 | ____________ | ____________ | ____________ |
| 2 | ____________ | ____________ | ____________ |

Leathanach Bán